C/2026/225

12.1.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12260 — JP / VOS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/225)

1. An 23 Nollaig 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Zamenhof Exploitation SAS, faoi úinéireacht Jacky Perrenot Group ('JP', an Fhrainc), faoi rialú deiridh Sigefi agus EMZ Partners (an Fhrainc, an dá cheann acu);

— Vos Logistics Beheer B.V. ('Vos', an Ísiltír).

Gheobhaidh JP rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Vos ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn JP iompar lasta de bhóthar, seirbhísí lóistíochta, agus lóistíocht ar conradh, agus tá sé gníomhach go bunúsach sa Fhrainc agus é ag freastal ar chustaiméirí i roinnt Ballstát. Is cistí infheistíochta iad a thuismitheoirí deiridh Sigefi agus EMZ Partners.

— Soláthraíonn Vos seirbhísí lóistíochta, a dhéanann speisialtóireacht in iompar idirnáisiúnta de bhóthar agus i seirbhísí lóistíochta, agus oibríonn sé ar fud tíortha éagsúla in LEE.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12260 — JP / VOS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.